2024/1960

15.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1960 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Iúil 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, i nDearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le Cearta an Duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine cuirtear i bhfios go láidir a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach den Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach den Aontas agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Sa ráiteas uaidh an 16 Nollaig 2023, leag an tArdionadaí béim ar an imní atá ar an Aontas faoin méadú atá tagtha ar an bhforéigean in aghaidh na bPalaistíneach atá á dhéanamh ag lonnaitheoirí antoisceacha ar an mBruach Thiar atá faoi fhorghabháil, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Leanann an tAontas dá ghéarcháineadh ar fhoréigean na lonnaitheoirí agus tá cuntasacht á hiarraidh aige. Chomh maith leis sin, d'iarr an tAontas ar Iosrael cosc a chur ar fhoréigean na lonnaitheoirí agus a áirithiú go dtabharfar déantóirí na gcoireanna chun cuntais. Tháinig méadú as cuimse ar fhoréigean na lonnaitheoirí ón tráth a ndearna Hamas na hionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023.

(4) Sa ráiteas comhpháirteach uathu an 20 Bealtaine 2024 maidir le hionsaithe ar an mbonneagar leighis agus sibhialtach in Gaza agus ar an mBruach Thiar, dúirt an tArdionadaí agus an Coimisinéir um Bainistiú Géarchéime gur tragóid dhaonna í fulaingt an phobail shibhialta in Gaza agus chuir siad in iúl gur cúis mhór imní don Aontas í. D'iarr siad an athuair go mbeadh sos cogaidh láithreach ann, go scaoilfí saor na gialla uile gan choinníoll, agus go dtabharfaí rochtain dhaonnúil iomlán.

(5) Sa chomhthéacs sin, ba cheart cúigear agus trí eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘110.	Moshe SHARVIT	משה שרביט (Litriú Eabhraise)	Dáta breithe: 13.11.1994 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 206223000 Seoladh: Urphost Tirzah Valley Farm, an Bruach Thiar, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil Eintitis chomhlachaithe: Moshe’s Farm	Is lonnaitheoir Iosraelach i nGleann na hIordáine é Moshe Sharvit, atá ina chónaí in urphost gar do shráidbhaile, ar a dtugtar “Tirza Valley Farm”, agus ar a dtugtar “Moshe’s Farm” freisin. Tá baint ag Moshe Sharvit leis an bhforéigean agus na bagairtí a dhéanann na lonnaitheoirí i leith na gcónaitheoirí Palaistíneacha i bpobail na n-aoirí atá gar dá urphost atá suite ar bharr cnoic ar an mBruach Thiar. Tá géarú tagtha ar an gciapadh atá á dhéanamh aige ar na pobail sin ó mhí Dheireadh Fómhair 2023. Is minic a rinne Moshe Sharvit ciapadh ar Phalaistínigh ó bhéal agus go fisiciúil, trína éileamh go bhfágfaidís a dtithe agus a gcuid réadmhaoine ina ndiaidh. Mar thoradh ar an iompar sin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, theith sibhialtaigh Phalaistíneacha óna sráidbhaile, Ein Shibli. D’úsáid sé teanga bhagrach i gcoinne fir, mná agus leanaí Palaistíneacha agus d’ionsaigh sé seanduine go fisiciúil. Áirítear ar na gníomhaíochtaí a rinne sé, clocha a chaitheamh ar Phalaistínigh agus ar a mbeostoc, tiomáint d’aon ghnó trí thréada agus trí pháirceanna saothraithe, madraí a úsáid chun Palaistínigh agus a mbeostoc a ionsaí, agus mí-úsáid fhisiciúil a bhaint as ainmhithe le cleitheanna agus fuipeanna. Dá bhrí sin, tá Moshe Sharvit freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid ar an gceart atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
111.	Zvi BAR YOSEF ar a dtugtar freisin Zvi BAR-YOSEF		Dáta breithe: 20.9.1992 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 204377998 Eintitis chomhlachaithe: Zvi's Farm	Bhunaigh Zvi Bar Yosef an t-urphost neamhúdaraithe ar a dtugtar "Zvi's Farm" ar an mBruach Thiar, soir ó lonnaíocht Halamish. Ghlac an t-urphost seilbh ar thart ar 2 500 dunam / 620 acra ar a ndearna sráidbhailte Jibya, Kaubar (Kobar), agus Umm Safa saothrú. In 2019, 2021 agus 2023, rinne Zvi Bar Yosef ionsaithe agus gníomhartha foréigin arís agus arís eile i gcoinne Palaistínigh as na sráidbhailte sin, rud a d'fhág gur gortaíodh cuid acu go tromchúiseach. Dá bhrí sin, tá Zvi Bar Yosef freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáidí ar an gceart chun iomláine coirp agus meabhraí, an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saol an teaghlaigh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024
112.	Isaschar MANNE ar a dtugtar freisin Issachar MANN	ישששכר מן (Litriú Eabhraise)	Dáta breithe: 10.5.1983 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 038826939	Rinne Isaschar Manne, a bhunaigh urphost neamhúdaraithe darb ainm "Manne Farm" i gCnoic Hebron Theas, ionradh arís agus arís eile ar thailte príobháideacha chónaitheoirí shráidbhaile Ta'ala agus chuir sé cosc ar Phalaistínigh gluaiseacht faoi shaoirse, mar shampla, trí chosc a chur ar leanaí Palaistíneacha a scoil a bhaint amach in Tuba, Masafer Yatta. Ó 2018 i leith, tuairiscíodh roinnt uaireanta gur réab Isaschar Manne isteach i dtithe aoirí, agus gur bhagair sé orthu agus gur chiap sé iad. Chuir Manne, a bhíonn armtha go minic, cosc ar aoirí Palaistíneacha rochtain a fháil ar a bhféaraigh, rud a fhágann nach mbíonn an deis acu a gcuid talún a shaothrú agus riar ar a gcuid riachtanas. Dá bhrí sin, tá Isaschar Manne freagrach as mí-úsáidí córasacha agus tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáidí an chirt chun maoine, an chirt chun saoil phríobháidigh agus saol an teaghlaigh agus an chirt chun oideachais. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
113.	Baruch MARZEL		Post/poist: Comhalta de Otzma Yehudit Dáta breithe: 23.4.1959 Áit bhreithe: Bostún, Stáit Aontaithe Mheiriceá Náisiúntacht: Meiriceánach, Iosraelach Inscne: fireann Seoladh: Lonnaíocht Tel Rumeida, Hebron, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil	Tá Baruch Marzel ina bhall den pháirtí polaitiúil "Otzma Yehudit" atá i bhfad amach ar an eite dheis, arb ionann é agus ceann de na hidé-eolaíochtaí is antoiscí in Iosrael, atá mar chuid den ghluaiseacht Kahanachas. Sna 1990idí, bhí sé ina cheannaire ar pháirtí Kahane go dtí gur chuir údaráis Iosrael cosc air in 1994. In 2019, chuir Cúirt Uachtarach Iosrael cosc ar Baruch Marzel seasamh i dtoghcháin pharlaiminteacha, toisc gur chinn an chúirt go raibh go leor ráitis chiníocha déanta aige. Dá bhrí sin, iarrann Baruch Marzel go gcruthófaí Iosrael Mór nach mbeadh aon áit ag na Palaistínigh ann. Iarrann sé go hoscailte go ndéanfaí glanadh eitneach ar na Palaistínigh agus séanann sé ceart na bPalaistíneach chun a dtalún féin. Tá Baruch Marzel freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe a bheith ag tacú go córasach le fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach, arb ionann é agus gríosú chun idirdhealaithe, naimhdis nó foréigin. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
114.	Ben-Zion “Bentzi” GOPSTEIN	ציון גופשטיין (Litriú Eabhraise)	Post: Bunaitheoir agus ceannaire “Lehava” Dáta breithe: 10.9.1969 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 024526394 Seoladh: Givat HaAvot, Kiryat Arba, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil Eintitis chomhlachaithe: Lehava	Is é Ben-Zion “Bentzi” Gopstein, atá ina chónaí i lonnaíocht Kiryat Arba (an Bruach Thiar), bunaitheoir agus ceannaire na heagraíochta antoiscí Lehava, díorthach de chuid na gluaiseachta Kahanachas, agus é mar aidhm aige “comhshamhlú sa Talamh Naofa a chomhrac”. Cuireann Ben-Zion “Bentzi” Gopstein fís chun cinn lena séantar ar na Palaistínigh go léir a gcearta agus lena n-iarrtar deireadh a chur le láithreacht na bPalaistíneach in Iosrael agus sna críocha Palaistíneacha. D’iarr Ben-Zion “Bentzi” Gopstein go hoscailte go gcuirfí cogadh ar na Palaistínigh. Chuir Cúirt Uachtarach Iosrael cosc air seasamh sna toghcháin don Knesset in 2019 toisc “go ngríosaíonn sé go córasach ciníochas in aghaidh an phobail Arabaigh”. Dá bhrí sin, tá Ben-Zion “Bentzi” Gopstein freagrach as mí-úsáidí córasacha tromchúiseacha ar chearta an duine, eadhon as bheith ag tacú le fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach, arb ionann é agus gríosú chun idirdhealaithe, naimhdis nó foréigin. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024’

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘29.	Moshe’s Farm ar a dtugtar “Tirza Valley Farm Outpost” freisin	החווה של משה (Litriú Eabhraise)	Seoladh: An Bruach Thiar, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil Dáta clárúcháin: 2021 Daoine aonair comhlachaithe: Moshe Sharvit	Is leis an lonnaitheoir Iosraelach Moshe Sharvit Moshe’s Farm, agus is é a bhunaigh é, in 2020. Tá baint ag Moshe Sharvit leis an bhforéigean a bhíonn á dhéanamh ag na lonnaitheoirí agus tá baint aige leis na bagairtí atá á ndéanamh ar chónaitheoirí Palaistíneacha i bpobail na n-aoirí atá gar dá urphost ar an mBruach Thiar. Is urphost neamhdhleathach é Moshe’s Farm atá suite thart ar 1,5 ciliméadar soir ó dheas ó lonnaíocht Hamra, ar an mBruach Thiar. Tá méadú tagtha ar Moshe’s Farm ó bunaíodh é agus faoi láthair, tá roinnt foirgneamh cónaithe ar an bhfeirm, lóiste aíonna do thaistealaithe agus ionad imeachtaí. Is féidir leis an lóiste aíonna freastal ar suas le 100 duine, agus cuireadh gach foirgneamh suas gan chead agus dá bhrí sin tá siad mídhleathach. Ó bunaíodh Moshe’s Farm, tá sé mar lárionad d’fhoréigean agus de chiapadh i gcoinne phobail aoirí na Palaistíne agus is é an bhunáit é óna ndéanann Moshe Sharvit agus cónaitheoirí feirme eile foréigean agus ciapadh i gcoinne na bPalaistíneach. Dá bhrí sin, is eintiteas é Moshe’s Farm a bhfuil baint aige le Moshe Sharvit, duine atá liostaithe i ngeall ar mhí-úsáidí tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid ar an gceart atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
30.	Zvi's Farm	החווה של צב (Litriú Eabhraise)	Seoladh: Halamish, an Bruach Thiar, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil Daoine aonair comhlachaithe: Zvi Bar Yosef	Is urphost neamhdhleathach, neamhúdaraithe feirmeoireachta é Zvi's Farm ar chríoch na Palaistíne, gar do Halamish, ar an mBruach Thiar. Tá Zvi's Farm suite i stráice den Bhruach Thiar atá faoi rialú míleata iomlán Iosrael agus ina bhfuil Palaistínigh ina gcónaí ann. Tá Zvi's Farm á oibriú ag Zvi Bar Yosef, a úsáideann an t-urphost mar bhunáit as a ndéanann sé foréigean i gcoinne na gcónaitheoirí Palaistíneacha agus as a gcuireann sé cosc ar fheirmeoirí Palaistíneacha rochtain a fháil ar a dtailte agus iad a úsáid. Ghlac an t-urphost seilbh ar thart ar 2 500 dunam / 620 acra ar a ndearna sráidbhailte Jibya, Kaubar (Kobar), agus Umm Safa saothrú. In 2019, 2021 agus 2023, rinne Zvi Bar Yosef ionsaithe agus gníomhartha foréigin arís agus arís eile i gcoinne Palaistínigh as na sráidbhailte sin, rud a d'fhág gur gortaíodh cuid acu go tromchúiseach. Dá bhrí sin, is eintiteas é Zvi's Farm a bhfuil baint ag Zvi Bar Yosef leis, duine atá liostaithe i ngeall ar mhí-úsáidí tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáidí ar an gcheart chun iomláine coirp agus meabhraí, an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saol an teaghlaigh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
31.	Tzav 9 ar a dtugtar freisin Tsav 9; Order 9		Suíomh gréasáin: https://www.tzav9.co.il/faq/	Is grúpa Iosraelach de ghníomhaithe foréigneacha é Tzav 9, a chomhbhunaigh Reut Ben Haim agus Aviad Shlomo Sarid i mí Eanáir 2024. Is iad Reut Ben Haim agus Yossef (Sefi) Ben Haim atá i gceannas ar an ngrúpa faoi láthair. De réir shuíomh gréasáin an ghrúpa, is é an phríomh-mhisean atá ag Tzav 9 bac a chur ar thrucailí soláthair a sheachadann cabhair dhaonnúil, lena n-áirítear bia, uisce agus breosla, go Gaza agus smál a chaitheamh ar dhlisteanacht Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear in Iosrael. Ó mhí Eanáir 2024 i leith, tá bac á chur ag Tzav 9 ar thrucailí cabhrach daonnúla go rialta. An 18 Eanáir 2024, rinne an grúpa na chéad bhaic ar sheachadtaí cabhrach in Kerem Shalom. An 13 Bealtaine 2024 ag seicphointe Tarqumiyah, ghlac Tzav 9 páirt in agóid fhoréigneach i gcoinne tiománaí trucaile. An 16 Bealtaine 2024 in Binyamin, bhí baint ag Tzav 9 le hionsaí i gcoinne trucail bia. Tharla eachtraí eile, *inter alia*, i réigiúin Kerem Shalom agus Nitzana. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh bhí agóidí foréigneacha, ionsaithe ar thrucailí bia agus scriosadh bia. Déanann na gníomhaíochtaí sin staid an phobail shibhialta in Gaza níos measa, ar staid í a bhí uafásach cheana féin. Dá bhrí sin, tá Tzav 9 freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid ar an gceart atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024’.